



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2008

OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 12 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo:

2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.

3. NÍ MÓR DUIT TABHAIRT FAOI GACH CEANN DE NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO.

Don Fheitheoir amháin

Stampa an Ionaid

Don Scrúdaitheoir amháin

1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh	
2. Móriomlán na gceisteanna dícheadaithe	
3. Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2)	
Nóta: Ní mór don mharc i sraith 3 thuas a bheith cothrom leis an marc sa bhosca 'Marc don Pháipéar' thall.	

Ceist	Marc
ROINN 1	
ROINN 2	
ROINN 3	
ROINN 4 Ceist 1	
ROINN 4 Ceist 2	
ROINN 4 Ceist 3	
ROINN 4 Ceist 4	
ROINN 4 Ceist 5	
ROINN 4 Ceist 6	
Marc don Pháipéar	
Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge	
Iomlán	
Marc don Dialann	
Móriomlán	

BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FHICHE CEIST SEO A LEANAS A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA nIARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**.

(Tá 8 marc ag gabháil le gach ceist)

1. Soiscéal sionoptach é soiscéal Naomh Marcas. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor

Bréagach

2. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is ciall le dialóg idir-chreidmheach ná _____

3. Léigh liosta na rudaí reiligiúnacha agus na reiligiún domhanda anseo thíos. Tá rud reiligiúnach amháin meaitseáilte leis an reiligiún domhanda is mó a bhfuil sé luaite leis mar shampla duit.

Déan meaitseáil **amháin** eile.

<i>Rudaí Reiligiúnacha</i>	<i>Reiligiúin Dhomhanda</i>
Lampa Arti	An Búdachas
Cros Chéasta	An Chríostaíocht
Brat Urnaí	An Hiondúchas
Seál Urnaí/Tallit	An tIoslamachas
Stupa	An Giúdachas

Sampla:

Cros Chéasta	An Chríostaíocht
--------------	------------------

Freagra:

--	--

4. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is ciall le ‘adhradh’ ná _____

5. Ionad tábhachtach reiligiúnach a luaitear leis an nGiúdachas is ea Balla an Olagóin/an Iarthair.

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor

Bréagach

6. I dtraidisiún reiligiúnach, is é is ‘fáidh’ ann ná duine a _____

7. Is é a thugtar ar shainaicme **amháin** Críostaithe in Éirinn inniu ná _____

8. D’fhás Íosa aníos sa bhaile seo. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Naaran

Náin

Nasarat

9. Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear an Snáth Beannaithe leis?

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Hiondúchas

An tIoslamachas

An Giúdachas

10. In urnaí bhuíochais, is é a dhéanann duine ná _____
-
11. Sampla de mhíorúilt a rinne Íosa ná – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)
- Leigheas Roinnt Filleadh
an Fhir Dhaill na Mara Rua an Mhic Dhrabhlásaigh
12. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é is brí le gníomhú le ‘ionracas’ ná tú féin a iompar de réir do chuid creidiúintí féin. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)
- Fíor Bréagach
13. I dtraidisiún reiligiúnach tagraíonn an téarma ‘siosma’ do thréimhse nuair _____
-
14. Cé acu **ceann** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas ar ionad adhartha dá chuid é an mosc? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)
- An Búdachas An Hiondúchas An tIoslamachas
15. Féadtar daonnachaí a thabhairt ar dhuine a thugann freagraí reiligiúnacha ar cheisteanna faoi bhrí na beatha. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)
- Fíor Bréagach
16. I dtraidisiúin reiligiúnacha tagraíonn an téarma ‘beannaithe’ don ní sin atá _____
-
17. Is é is pobal ann ná dream daoine a mbíonn rud i bpáirt acu. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)
- Fíor Bréagach
18. I dtraidisiúin reiligiúnacha, is é is ciall le ‘aondiachas’ ná _____
-
19. I dtraidisiúin reiligiúnacha, is é is ciall le ‘meas a thaispeáint’ ná _____
-
20. Cé acu ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas is mó a luaitear Bodh Gaya leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)
- An Búdachas An tIoslamachas An Giúdachas

BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.

ROGHNAIGH TRÍ CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA AR GACH CEANN ACU. (Tá 20 marc ag gabháil le gach ceist)

Ceist 1. Seo grianghraf de cheannairí reiligiúnacha ag seirbhís éacúiméineach.



www.comece.org

A. Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf a thaispeánann gur sampla é seo den éacúiméineachas.

(6 mharc)


B. Tabhair sampla **amháin** eile den éacúiméineachas.

(6 mharc)

C. Luaigh cúis **amháin** a n-oibríonn daoine ar son an éacúiméineachais.

(8 marc)

Ceist 2. Tá an pictiúr seo bunaithe ar Íosa agus é ag teagasc a chuid deisceabal.



www.hithcc.org

A. Roghnaigh rud **amháin** sa phictiúr seo a thaispeánann go raibh tábhacht le teagasc Íosa dá dheisceabail.

(6 mharc)

B. Ainmnigh duine **amháin** de na chéad deisceabail a bhí ag Íosa.

(6 mharc)

C. Luaigh rud **amháin** a mhúin Íosa dá dheisceabail faoi Ríocht Dé.

(8 marc)

Ceist 3. Seo grianghraf de dhaoine agus iad ag baint leasa as an midheamhain agus iad ag guí.



www.minnesota.publicradio.org

A. Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a thaispeánann go bhfuil na daoine seo ag baint leasa as an midheamhain chun urnaí a dhéanamh.

(6 mharc)

B. I dtraidisiún reiligiúnach cad is brí leis an téarma ‘midheamhain’?

(6 mharc)

C. Luaigh cúis **amháin** a mbainfeadh duine leas as an midheamhain chun urnaí a dhéanamh.

(8 marc)

Ceist 4. Seo grianghraf de dhaoine a bhfuil a gcuid inní á léiriú acu faoi cheist mhorálta.



www.Mrzine.monthlyreview.org/okeefe200306.html

A. Roghnaigh rud **amháin** as an ngrianghraf seo a thaispeánann gur ceist mhorálta atá ina cúis inní do na daoine seo.

(6 mharc)

B. Tabhair cúis **amháin** a bhféadfadh an reiligiún tionchar a bheith aige ar dhearcadh duine maidir le ceart agus le héigeart i gceisteanna morálta.

(6 mharc)

C. Déan cur síos ar chéim **amháin** sa phróiseas a ngabhann duine tríd chun teacht ar chinneadh i dtaobh rud a bheith ceart nó éigeart.

(8 marc)

BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.

Seo a leanas cuntas faoi chomhrá idir bheirt chara, Críostóir agus Páidí, atá ag obair le chéile.

LÉIGH AN CUNTAS GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR A LEANANN É.

- Críostóir: An bhfuil a fhios agat go bhfuil trí ríomhaire sa stóras? Tá siad ann le míonna anois.
- Páidí: Is cosúil nach bhfuil a fhios ag aon duine eile go bhfuil siad ann. Is dóigh liom go bhfuil dearmad déanta ag an saoiسته mar gheall orthu.
- Críostóir: D'fhéadfaimis €600 an ceann a fháil orthu. Méid mór airgid €1800 agus bheadh sé an-áiseach dúinn!
- Páidí: Ní bheadh sé ceart ná cóir. Deirtear sa chonradh againn nár chóir dúinn aon earra a bhreith linn as an ionad oibre.
- Críostóir: An iomarca machnaimh atá á dhéanamh agatsa ar an scéal, ní suim le haon duine na ríomhairí sin. Beidh sé ar an airgead is éasca a dhéanfaimid riamh. Tá a fhios agam gur chúnamh duitse an t-airgead.
- Páidí: Níl gá chomh mór sin agam leis an airgead!
- Críostóir: Nach ndéanfá an rud seo amháin orm agus ní iarrfaidh mé ort rud dá leithéid seo a dhéanamh go deo arís.
- Páidí: Is deacair dom a chreidiúint go n-iarrfá orm a leithéid seo a dhéanamh. Mheas mé gur chairde sinn. Cad a tharlóidh má bheirtear orainn? D'fhéadfaimis a lán trioblóide a tharraingt orainn féin agus ár bpoist a chailleadh.
- Críostóir: Is dóigh liom go n-éireodh linn na cosa a thabhairt linn.
- Páidí: Impím ort gan na ríomhairí a bhreith leat, a Chríostóir. Cuimhnigh ar an saoiسته atá againn. Dá ngoidfí na ríomhairí b'fhéidir nach mbeadh muinín aige asainn go deo arís.
- Críostóir: Táim chun iad a bhreith liom pé scéal é, le do chúnamhsa nó gan é.
- Páidí: Cad a tharlóidh má chuirtear an milleán ar dhuine eile as na ríomhairí a ghoid? Ní dóigh liom go bhféadfainn seasamh siar agus ligean dó sin tarlú.
- Críostóir: Buail liom ag an stóras tar éis obair an lae, más mian leat a bheith rannpháirteach sa ghnó.
- Páidí: Cuimhnigh ar an díomá a bheidh ar do mhuintir má bheirtear ort. B'fhuath liom é dá dtarraingeofá trioblóid ort féin.

1. Tabhair breac-chuntas ar shampla **amháin** de chinneadh morálta a bhí le déanamh ag Páidí tar éis an chomhrá thuas.

2. a. Ainmnigh cód morálta **amháin** a d'fhéadfadh treoir a thabhairt do Pháidí faoi cad is ceart a dhéanamh sa chás a bhfuil cur síos air thuas.

(8 marc)

- b. Mínigh cúis **amháin** a bhféadfadh cód morálta cabhrú le duine chun teacht ar chinneadh faoi cad is ceart a dhéanamh i gcás áirithe.

(16 mharc)

3. a. Cad is brí leis an téarma 'aibíocht mhorálta'?

(8 marc)

- b. Tabhair **dhá** shampla ina bhfuil aibíocht mhorálta á léiriú sa chomhrá seo.

i.

ii.

(16 mharc)

ROINN 4

(200 marc)

BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.

FREAGAIR CÚIG CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS

(Tá 40 marc ag gabháil le gach ceist)

Ceist 1. POBAIL CHREIDIMH

A. Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

An Búdachas An Chríostaíocht An Hiondúchas An tIoslamachas An Giúdachas

a. Ainmnigh bunaitheoir/ lucht leanúna tosaigh an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis
thuas. _____

(8 marc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shaol an bhunaitheora nó ar shaol an lucht leanúna tosaigh, i gcás reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

(10 marc)

B. ● Díograis ● Cumarsáid ● Comhoibriú

a. Roghnaigh **dhá** cheann díobh sin thuas agus tabhair sampla de chaoi a bhfeictear gach ceann díobh i bpoal creidimh inniu.

i. _____

ii.

(10 marc)

b. • Díograis • Cumarsáid • Comhoibriú

Mínigh cén fáth a bhfuil tábhacht le ceann **amháin** díobh sin thuas do phobal creidimh inniu.

(12 mharc)

Ceist 2. BUNÚS AN REILIGIÚIN – AN CHRÍOSTAÍOCHT

A. a. D’fhéadfadh na ceannlínte seo cur síos ar na dreamanna reiligiúnacha éagsúla a raibh cónaí orthu sa Phalaistín in aimsir Íosa. Cuir tic ✓ sa bhosca is fearr a mheitseálann gach cur síos le hainm grúpa reiligiúnaigh a thugtar thíos. Meitseáladh an chéad chur síos le hainm grúpa reiligiúnaigh mar shampla duit.

Grúpa Reiligiúnach 1

Grúpa Reiligiúnach 2

Grúpa Reiligiúnach 3

Baill de ghrúpa reiligiúnach i mbun na hurnaí sa Teampall in Iarúsailéim <i>- Irisleabhar Iarúsailéim</i>	Baill de ghrúpa reiligiúnach ullamh chun na Rómhánaigh a throid. <i>- Scéala na Palaistíne</i>	Baill de ghrúpa reiligiúnach ag míniú dhlí Dé sa tsionagóg. <i>- Nuacht Nazarat</i>
Is é ainm an ghrúpa reiligiúnaigh a mheitseálann an cur síos seo ná – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí) Fairisínigh <input type="checkbox"/> Sadúcaigh <input checked="" type="checkbox"/> Díograiseoirí <input type="checkbox"/>	Is é ainm an ghrúpa reiligiúnaigh a mheitseálann an cur síos seo ná – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí) Fairisínigh <input type="checkbox"/> Sadúcaigh <input type="checkbox"/> Díograiseoirí <input type="checkbox"/>	Is é ainm an ghrúpa reiligiúnaigh a mheitseálann an cur síos seo ná – (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí) Fairisínigh <input type="checkbox"/> Sadúcaigh <input type="checkbox"/> Díograiseoirí <input type="checkbox"/>

(10 marc)

- b. Gheobhaidh tú thíos liosta d'eachtraí a tharla sular céasadh Íosa. Cuir uimhir ar na heachtraí sin san ord ina tharla siad. Tabhair uimhir 1 ar an gcéad eachtra, uimhir 2 ar an dara heachtra, uimhir 3 ar an tríú heachtra agus uimhir 4 ar an gceathrú heachtra.

Uimhir Eachtraí a tharla sular céasadh Íosa ar an gcros -

	Chaith Íosa an Suipéar Déanach i dteannta na n-aspal.
	Gabhadh Íosa agus cuireadh ar a thriail é.
	Dhaor Pontias Píoláit Íosa chun báis.
	Chuir na sluaithe fáilte roimh Íosa go hIarúsailéim agus iad ag croitheadh géaga pailme.

(10 marc)

- B. a. Rinne Íosa an Suipéar Déanach a cheiliúradh i dtráth fhéile seo na nGiúdach –

(Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Hanukkah

Cáisc na nGiúdach

Sukkot

(8 marc)

- b. Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rud a dúirt Íosa lena chuid aspal ag an Suipéar Déanach.

i.

ii.

(12 mharc)

Ceist 3. BUNÚS AN REILIGIÚIN - NA MÓR-REILIGIÚIN DHOMHANDA

A. Cuir tic le ✓ ceann **amháin** de na mór-reiligiúin dhomhanda a bhfuil staidéar déanta agat air:

An Búdachas An Hiondúchas An tIoslamachas An Giúdachas

a. Ainmnigh teideal a thugtar ar cheannaire reiligiúnach sa reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas. _____

(8 marc)

b. Maidir le ceann amháin de na reiligiúin dhomhanda a luaitear thuas, tabhair breac-chuntas ar **dhá** shampla d'obair cheannaire ann.

i. _____

ii. _____

(12 mharc)

B. a. Ainmnigh féile reiligiúnach **amháin** a bhaineann leis an reiligiún domhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas. _____

(8 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis a gceiliúrann baill an reiligiúin dhomhanda sin an fhéile reiligiúnach atá luaite thuas agat.

i. _____

ii.

(12 mharc)

Ceist 4. CEIST AN CHREIDIMH

A. a. Déan cur síos ar íomhá **amháin** de Dhia a bhfuil staidéar déanta agat air.

(12 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** inar féidir leis an íomhá de Dhia a bhíonn ag duine athrú ón uair a bhíonn an duine sin óg go dtí go mbíonn sé ina dhuine fásta.

(14 mharc)

B. Déan cur síos ar **dhá** shlí inar féidir le duine óg a b(h)unphrionsabail chreidimh féin a chur in iúl.

i.

ii.

(14 mharc)

Ceist 5. CEILIÚRADH AN CHREIDIMH

A. a. Ionad tábhachtach ó thaobh an reiligiúin de is ea Cruach Phádraig do phobal creidimh amháin in Éirinn.
Ainmnigh ionad **eile** in Éirinn a bhfuil tábhacht reiligiúnach leis do phobal creidimh.
_____ (8 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis a bhfuil tábhacht reiligiúnach leis an ionad atá ainmnithe agat do phobal creidimh.

i. _____

ii. _____

_____ (12 mharc)

B. a. Déan cur síos ar shampla **amháin** de dheasghnáth ar féidir é a fheiceáil i gcleachtas crábhaidh ar ghlac tú páirt ann *nó* a chonaic tú.

(10 marc)

b. Mínigh **dhá** chúis a mbaineann daoine úsáid as deasghnátha reiligiúnacha lena gcreideamh a chur in iúl.

i.

ii.

(10 marc)

Ceist 6. DÚSHLÁN NA MORÁLTACHTA

A. I dtraidisiúin reiligiúnacha is é a bhíonn i gceist le hathmhuintearas ná athnuachan gaolmhaireachtaí a bhíonn briste. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor

Bréagach

(8 marc)

B. Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** ina ndéanann baill pobail chreidimh iarracht ar athmhuintearas a chothú idir dhaoine inniu.

(16 mharc)

C. Mínigh **dhá** chúis a ndéanann baill pobail chreidimh iarracht ar athmhuintearas a chothú idir dhaoine inniu.

i.

ii.

(16 mharc)